# Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Bhéarla na Sraithe Sóisearaí

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Lúnasa 2020

# An Clár Ábhar


An Réamhrá 3

Aiseolas ar chur i bhfeidhm na sonraíochta 5

- An tsonraíocht, pleanáil agus ceapadh tascanna 5
- Samplaí d'obair scoláirí 7
- Measúnú Rangbhunaithe 1 agus 2 8
- Cruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair 10
- Tasc measúnaithe 10
- An scrúdú deiridh 11
- Liostaí téacsanna 12
- Téamaí a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach 14

Dearcthaí idirnáisiúnta ar Bhéarla na Sraithe Sóisearaí 16

Tátail 20

- Aguisín 1: Moltaí ón tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath agus gníomhartha a bhaineann leo. 23
  - An tSonraíocht le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí 23
  - Treoirlínte Measúnaithe 24
  - Forbairt ghairmiúil leanúnach 24
  - Samplaí d'obair scoláirí 27
- Aguisín 2: Imeachtaí comhairliúcháin agus aighneachtaí a fuarthas 29

# An Réamhrá

De réir an Chreata don tSraith Shóisearach, tugadh sonraíocht nua ábhair isteach le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí in 2014; deimhníodh socruithe measúnaithe athbhreithnithe in 2015. Tugadh isteach an tsonraíocht in 2014 nuair a bhí athruithe suntasacha ag tarlú san iar-bhunoideachas in Éirinn agus bhí díospóid fhadtréimhseach tionsclaíoch ar bun ag an am. Forbraíodh an tsonraíocht do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí i gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2012), agus cinneadh go n-athrófaí an measúnú, lena n-áirítear na scrúduithe deiridh, le himeacht aimsire ó mheasúnuithe seachtracha chuig measúnuithe inmheánacha a riarfadh agus a mharcálfadh na scoileanna. Rinneadh athbhreithniú ar an gcur chuige sin ansin nuair a foilsíodh an Creat don tSraith Shóisearach (2015) inar cuireadh an fhreagracht as forbairt, riar agus tuairisciú na measúnuithe deiridh i gcomhthéacs thuairisciú níos leithne Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ar Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Bhí trí phríomh-iarmhairt ar an díospóid chaidrimh thionsclaíoch agus an Creat leasaithe don tSraith Shóisearach: moill ar thabhairt faoi fhorbairt ghairmiúil leanúnach; Tasc Measúnaithe a chur leis; agus an cur chuige déach i leith an mheasúnaithe leis an measúnú agus an tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire sa PGSS á roinnt idir múinteoirí trí MRBanna (breithiúnais na múinteoirí agus gnéithe cáilíochta ag tacú leo, cruinnithe AFMÁ agus samplaí foilsithe den chaighdeán) agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit (scrúduithe deiridh).

I mí an Mheithimh 2018, d’fhoilsigh CNCM tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath Bhéarla na Sraithe Sóisearaí (*Report of the Review of the Early Enactment of Junior Cycle English*). Sa tuarascáil sin, tugadh léargais luaithe ar thuairimí múinteoirí, scoláirí agus páirtithe leasmhara ar chur i bhfeidhm na sonraíochta Béarla i scoileanna. Ag deireadh na tuarascála, tugadh sraith moltaí, lenar áiríodh athruithe molta ar an tsonraíocht agus moltaí le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach. Tá liosta iomlán na moltaí agus achoimre ar na gníomhartha a tháinig astu le fáil in Aguisín 1.

Is é is cuspóir don tuarascáil leantach seo aiseolas a fháil ó mhúinteoirí i ndiaidh dóibh plé níos mó leis an tsonraíocht agus i bhfianaise an aiseolais agus na ngníomhartha a tháinig chun cinn mar thoradh ar an tuarascáil roimhe seo. Anuas air sin, déantar machnamh ar Bhéarla na sraithe sóisearaí laistigh de dhearcadh idirnáisiúnta ar theagasc an Bhéarla ag céim an oideachais meánscoile íochtaraí. Bailíodh aiseolas don tuarascáil seo ar thrí bhealach:

- aiseolas múinteoirí ag imeachtaí comhairliúcháin (ghlac tuairim agus 39 múinteoir páirt ann. Féach aguisín 2)

- aighneachtaí i scríbhinn ó pháirtithe leasmhara agus aighneachtaí oscailte trí ríomhphost (féach aguisín 2)
- taighde idirnáisiúnta deisce agus agallaimh le múinteoirí a rinne taighdeoirí a bhfuil saineolas acu ar bheartas agus cleachtas Béarla meánscoile go hidirnáisiúnta.

Cuirtear san áireamh i struchtúr na tuarascála aiseolas ar chur i bhfeidhm na sonraíochta, dearcthaí idirnáisiúnta, agus tátail agus moltaí.

# Aiseolas ar chur i bhfeidhm na sonraíochta

Déanann an tuarascáil seo iarracht tuilleadh léargais a fháil ar chur i bhfeidhm na sonraíochta le haghaidh Bhéarla na sraithe sóisearaí i ndiaidh do thrí ghrúpa scoláirí tabhairt faoin tsonraíocht seo mar churaclam, ar aon dul leis an moladh a rinneadh roimhe seo gur cheart athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar thaithí scoileanna ar an tsonraíocht. Tarraingíodh aird ar an athbhreithniú leantach seo ar shuíomhanna gréasáin CNCM agus ag INOTE (Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Mhúinteoirí Béarla) agus páirtithe leasmhara eile. Bailíodh aiseolas don chomhairliúchán seo ag imeachtaí comhairliúcháin i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Gaillimh agus tugadh cuireadh oscailte d'aon duine a bhí ag iarraidh freastal orthu. Ina theannta sin, fuarthas aighneachtaí i scríbhinn ó phríomhpháirtithe leasmhara agus ón bpobal ar shuíomh gréasáin CNCM. Dhírigh an plé ag na himeachtaí ar na réimsí seo a leanas: an tsonraíocht, pleanáil agus ceapadh tascanna; samplaí d'obair scoláirí; measúnú rangbhunaithe 1 agus 2; cruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair; tasc measúnaithe, scrúdú deiridh agus liostaí téacsanna. Rinneadh na haighneachtaí i scríbhinn tagairt do chuid de na réimsí sin, ach ní raibh siad ar fad chomh cuimsitheach céanna. Tháinig téamaí áirithe chun cinn de réir teidil éagsúla agus tabharfar tuairisc orthu thíos.

## An tsonraíocht, pleanáil agus ceapadh tascanna

Ar aon dul leis na sonraíochtaí ar fad don tsraith shóisearach, cuirtear ionchais maidir le foghlaim scoláirí in iúl mar thorthaí foghlama. Sonraíonn siad sin an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna ba cheart do scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh tréimhse foghlama. Léirigh múinteoirí go raibh cur amach níos fearr acu ar an tsonraíocht agus ar chur chuige na dtorthaí foghlama maidir le sonraíocht an churaclaim ná mar a léirigh siad san athbhreithniú a rinneadh roimhe seo. Athluaigh cuid acu na tuairimí ón tuarascáil a rinneadh roimhe seo agus iad ag cur fáilte roimh eagrú na sonraíochta ina thrí shnáithe; is é sin teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht; agus an cur chuige comhtháite maidir leis an bhfoghlaim. Chuir cuid eile acu fáilte roimh na torthaí sonracha foghlama do scoláirí na chéad bhliana chun cabhrú lena gcuid pleanála a threorú. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl faoi líon agus cineál cuid de na torthaí foghlama agus múinteoirí ag tabhairt ag tabhairt le fios go bhféadfadh na torthaí foghlama sa tsonraíocht a bheith ró-oscailte agus róshonrach araon. Thug múinteoirí le fios go bhfuil an phleanáil i gcomhair teagaisc agus foghlama leis na torthaí foghlama dúshlánach agus sa chomhthéacs seo, luaigh siad go sonrach na torthaí foghlama lena mbaineann liosta samplaí agus/nó briathra iomadúla. Tuairiscíodh breathnóireachtaí dá leithéid maidir leis na dúshláin a bhaineann leis an bpleanáil le torthaí foghlama in aighneacht an pháirtí

leasmhara ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí (SSM). Rinne múinteoirí roinnt tráchta freisin ar chur in iúl scileanna agus eolais sa tsonraíocht. Luaigh cuid acu go sonraítear sna Torthaí Foghlama na rudaí ba cheart a bheith ar chumas an scoláire a dhéanamh ach ní shonraítear na rudaí ba bheart a bheith ar eolas aige.

Ceapadh an tsonraíocht d'íosmhéid 240 uair an chloig de rannpháirtíocht thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Ar aon dul le haiseolas a fuarthas mar chuid den athbhreithniú ní ba luaithe ar an mBéarla, thuairiscigh an-chuid múinteoirí gur laghdaíodh líon na n-uaireanta teagaisc don Bhéarla sa dá bhliain roimhe sin, agus bhí múinteoirí eile i ndiaidh athrú go ranganna a mhair uair an chloig, athrú a raibh tionchar aige ar líon na ranganna Bhéarla ar an gclár ama le linn na seachtaine. Chuir go leor de na tráchtanna ó mhúinteoirí béim ar ábhair imní a bhain le cúrsaí ama agus dóthain ama a bheith ann chun anailís a dhéanamh ar théacsanna sa seomra ranga.

Dhírigh aiseolas ó na rannpháirtithe san athbhreithniú seo píosa beag níos lú ar dhearcthaí maidir le héilimh mhéadaithe na sonraíochta ná mar a dhírigh siad san athbhreithniú a rinneadh ní ba luaithe agus rinne roinnt múinteoirí trácht ar athruithe breise a bhí á gcur i bhfeidhm acu ar a gcuid pleanála bliain i ndiaidh bliana chun freagairt do na treoirlínte le haghaidh téacsanna agus an méid ama a mheas siad a bheith leordhóthanach do na téacsanna sin agus pleanáil ag an am céanna le haghaidh foghlaim scoláire ar feadh réimse iomlán na dtorthaí foghlama. Tuairiscigh múinteoirí go bhfuil ranna an Bhéarla ag iarraidh a bheith solúbtha agus iad ag dul in oiriúint do na grúpaí scoláirí atá acu agus thug siad le fios go raibh deacrachtaí ag baint leis sin in áiteanna. Bhí sé soiléir ón aiseolas go bhfuil múinteoirí fós ag obair ar uainiú theagasc na sonraíochta in imeacht na dtrí bliana. Dúirt múinteoir amháin gur chuir úsáid ama ghairmiúil chun am a sceidealú le Roinn an Bhéarla gach seachtain go mór le ham a chur ar leataobh le haghaidh na pleanála agus an comhoibrithe.

Nocht formhór na múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú seo go mbíonn siad ag pleanáil i gcomhar le comhghleacaithe i roinn a n-ábhair. Roinneadh samplaí de chleachtais inar sceidealaíodh am gairmiúil do mhúinteoirí Béarla lena chéile, a d'fhág gurbh fhéidir cruinnithe roinne a reáchtáil i gcaitheamh na bliana agus a thacaigh le cur chuige i leith na pleanála mar chleachtas a bhíonn ag athrú. Leag cuid de na múinteoirí a ghlac páirt sna fócasghrúpaí, agus aighneachtaí ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna, béim ar na dúshláin a bhíonn roimh mhúinteoirí maidir leis an bpleanáil, go háirithe maidir le rúin foghlama a chur le chéile do scileanna comhtháite na léitheoireachta, na scríbhneoireachta agus na teanga ó bhéal, agus maidir le freagairtí pearsanta na scoláirí a fhorbairt.

D'fháiltigh múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú roimh an gcur chuige ginearálta sa tsonraíocht, na snáitheanna agus an bhéim ar an teanga ó bhéal go háirithe. Mar a rinneadh san athbhreithniú

roimhe seo, labhair siad faoina mbéim a mhéadú ar phleanáil d'fhorbairt na teanga ó bhéal sa chéad bhliain agus thuairiscigh siad gur baineadh tairbhe as sin maidir le forbairt teanga trí chéile na scoláirí, go háirithe nuair a thug scoláirí faoi Mheasúnú Rangbhunaithe 1, sa dara bliain. Tuairiscíodh freisin gur tugadh isteach pleanáil do Mheasúnú Rangbhunaithe 2 i gcaitheamh thrí bliana na sraithe sóisearaí agus chuir múinteoirí in iúl go raibh cur amach níos fearr á fhorbairt acu ar na hionchais don fhoghlaim sa tsonraíocht. Labhair múinteoirí faoi Mheasúnú don Fhoghlaim agus réimse leathan de mhodheolaíochtaí teagaisc a úsáid chun tacú leis an bhfoghlaim, agus rinneadh trácht ag an am céanna ar na dúshláin a bhaineann le scoláirí a choinneáil rannpháirteach ar bhealach fóinteach, go háirithe in obair i ngrúpaí.

## Samplaí d'obair scoláirí

Oibríonn CNCM le múinteoirí i scoileanna éagsúla ar bhonn leanúnach chun samplaí d'obair scoláirí a fhorbairt agus a fhoilsiú d'fhonn tacú le breithiúnas múinteora faoi cháilíocht obair a scoláirí. Foilsítear an obair sin i ndiaidh próiseas deimhnithe cáilíochta a mbíonn múinteoirí agus comhghleacaithe ón tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus an Chigireacht rannpháirteach ann. Is minice a úsáideann múinteoirí na samplaí sin d'obair an scoláire chun tacú le plé le linn cruinnithe AFMÁ, sa chás go mbeadh éiginnteacht ann faoin tuairisceoir a bhronntar ar phíosa oibre ar leith ó scoláire.

Cuireadh tuairimí difriúla in iúl faoi chineál, cuspóir agus úsáid na samplaí d'obair scoláirí a fhoilsítear ar www.curriculumonline.ie. Iarradh i gcuid de na haighneachtaí ó eagraíochtaí/ghníomhaireachtaí, agus d'iarr roinnt múinteoirí é freisin, go gcuirfí raon níos leithne agus níos éagsúla samplaí ar fáil ar líne, d'fhonn comhthéacsanna níos éagsúla agus raon inniúlachta agus gnóthachtála a léiriú, samplaí de théacsanna ilmhódacha san áireamh. Thug beagnach na múinteoirí ar fad le fios gur rochtain siad na samplaí d'obair scoláirí agus iad ag cur na sonraíochta i bhfeidhm ar dtús, ach dúirt a bhformhór nár bhreathnaigh siad ar na samplaí le tamall anuas Tagann sé sin leis na torthaí tosaigh ar a dtugtar breac-chuntas sa tuarascáil ní ba luaithe a rinneadh ar an mBéarla. Bhí roinnt plé freisin ar an gcaighdeán a léirítear sna samplaí d'obair scoláirí. Chuir roinnt múinteoirí in iúl go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcaighdeán náisiúnta a léiriú sna samplaí d'obair scoláirí agus luaigh siad freisin go bhfuil sé an-deacair an chomhsheasmhacht a chinntiú ar fud na tíre. San athbhreithniú seo, níor luaigh múinteoirí Béarla an fhéidearthacht go bhféadfadh athrú teacht ar chaighdeán le himeacht aimsire, mar a luadh san athbhreithniú ar an léargas luath ar ábhair chéim a dó, Eolaíocht agus Staidéar Gnó.

# Measúnú Rangbhunaithe 1 agus 2

Bhí tuairim an-dearfach ag formhór na múinteoirí a thug aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 1, cumarsáid ó bhéal. Thug neart acu le fios go raibh comhpháirteanna na litearthachta ó bhéal á dteagasc sular tugadh isteach an tsonraíocht ach d'fháiltigh siad roimh an gcaoi a gcuirtear san áireamh ar bhealach níos córasaí anois iad mar chuid den phleanáil don teagasc, foghlaim, measúnú agus tuairisciú. Tá roinnt múinteoirí den tuairim gur rud dearfach é raon leathan an chéad Mheasúnaithe Rangbhunaithe, toisc gur féidir le scoláirí ábhar a bhfuil spéis acu féin ann a roghnú agus an fhormáid chuí cumarsáide a roghnú, rud is féidir a bheith ina spreagadh do scoláirí. Mar sin féin, mar a tugadh le fios san athbhreithniú ní ba luaithe a rinneadh ar an mBéarla, thug an chuid is mó díobh le fios gurb é cur i láthair digiteach/PowerPoint is mó a roghnaíonn na scoláirí. Thug roinnt múinteoirí le fios go bhfuil raon leathan Mheasúnú Rangbhunaithe 1, mar a bhfuil breac-chuntas air sna Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, róleathan agus chuir siad in iúl gurbh fhearr leo rogha níos teoranta, agus nasc ann b'fhéidir le gné eile den chúrsa chun scoláirí a stiúradh ina Measúnú Rangbhunaithe ar an teanga ó bhéal.

Agus níos mó taithí ann anois ar an sceidealú, cuireadh tuilleadh béime ar na dúshláin a bhaineann le Measúnuithe Rangbhunaithe a sceidealú ná mar a cuireadh san athbhreithniú roimhe seo. Thug roinnt duine (idir mhúinteoirí agus pháirtithe leasmhara) le fios go mbíonn níos mó brú ar scoileanna, múinteoirí agus ranna ó thaobh na MRBanna a sceidealú de réir mar a thagann tuilleadh sonraíochtaí athbhreithnithe ábhair agus na MRBanna a bhaineann leo isteach mar chuid den phleanáil scoile agus taithí foghlama na scoláirí. Sa chás gur bhreathnaigh múinteoirí ar MRBanna mar chuid lárnach den teagasc, foghlaim agus measúnú, breathnaíodh ar na MRBanna mar thaithí dhearfach a d'fheabhsaigh taithí foghlama na scoláirí. Sa chás gur breathnaíodh ar MRBanna mar imeachtaí measúnaithe astu féin, tugadh aiseolas difriúil. Rinne roinnt múinteoirí trácht ar bhrú ó thuismitheoirí agus diancheachtanna a bheith á bhfáil do MRBanna mar shamplaí de chaitheamh le measúnuithe rangbhunaithe mar mheasúnuithe a mbíonn cuid mhór ag brath orthu agus diúltú scoláirí oibriú i mbeirteanna nó i ngrúpaí mar gheall ar bhrú a shíltear a bheith ann marc maith a bhaint amach. Thug múinteoirí aiseolas freisin le tabhairt le fios nach gcuireann an-chuid scoláirí luach ar an MRB agus luaigh roinnt múinteoirí gur roghnaigh scoláirí gan tabhairt faoin MBR toisc nach mbíonn aon tionchar aige ar a ngrád deiridh. Chuir neart múinteoirí an tuairim in iúl gur cheart go n-aithneofaí MRBanna agus go gcuirfí luach orthu agus gurbh fhéidir sin a bhaint amach trí na MRBanna a chur le chéile le torthaí na scrúduithe deiridh chun tuairisceoir nó grád iomlán ilchodach a chur ar fáil. Cé go dtagann aiseolas maidir leis na MRBanna ó thaithí na múinteoirí Béarla, ní bhaineann cuid de na tráchtanna sin leis an ábhar ná an tsonraíocht go sonrach, ach leis an gCreat don tSraith Shóisearach trí chéile, amhail

sceidealú agus an luach a chuirtear ar MRBanna, úsáid na dtuairisceoirí gráid agus ceisteanna a bhaineann le tuairisciú. Fiosraítear na topaicí sin thíos ar leathanach 13.

Rinneadh plé ar an bpleanáil do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 do scoláirí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu. Thug roinnt múinteoirí le fios nach bhfuil an MRB ionchuimsitheach do gach scoláire ach chuir cuid eile acu in iúl go gcuireann an MRB deiseanna ar fáil chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu agus chun a gcuid foghlama a dhearbhú.

San aiseolas ar Mheasúnú Rangbhunaithe 2, labhair neart múinteoirí a ghlac páirt san athbhreithniú ar na deiseanna le haghaidh comhráite aiseolais a thagann as an MRB seo, agus ar an gcaoi a dtéann sé sin chun tairbhe na scoláirí sa chaoi a gcuireann sé luach ar an bpróiseas dréachtaithe. Thuairiscigh múinteoirí gur bhain scoláirí leas as machnaimh a dhéanamh ar a gcuid oibre agus úinéireacht a thógáil ar a gcuid scríbhneoireachta sa phróiseas cinnteoireachta chun a gcuid saothair a roghnú don Bhailiúchán de Théacsanna. Labhair cuid acu ar úinéireacht scoláirí ar an mBailiúchán de Théacsanna sa chaoi a mbíonn siad ag scríobh agus ag cruthú astu féin agus ag breathnú orthu féin mar scríbhneoirí de réir a chéile. Cuireadh in iúl in aighneacht amháin gur féidir ailíniú cleachtais leis an tsonraíocht a fheabhsú trí úsáid an Bhailiúcháin de Théacsanna a spreagadh chun bailiúchán cuimsitheach a fhorbairt ina dtaispeántar dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire, in áit béim a chur ar riachtanais íosta le haghaidh measúnú suimitheach.   Moladh foclaíocht bhreise do na Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe chuige sin, agus roinneadh cleachtas a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun cabhrú le húsáid níos leithne agus níos éifeachtaí a bhaint as an mBailiúchán de Théacsanna.

Ar na dúshláin a bhaineann leis an Measúnú Rangbhunaithe seo, tá bainistiú agus stóráil obair na scoláirí, mar a luaigh roinnt múinteoirí (agus mar a tarraingíodh aird air ar dtús sa tuarascáil ní ba luaithe); gnéithe cáilíochta a chur i bhfeidhm ar sheánraí difriúla oibre, go háirithe sa chás go mbíonn seánraí áirithe níos oiriúnaí chun an chruthaitheacht a chur in iúl; agus aiseolas a thabhairt ag leibhéal comónta agus fios ann go ndéantar an measúnú deiridh ag ardleibhéal agus gnáthleibhéal go fóill. Ceistíodh in aighneacht SSM freisin píosaí comhoibríocha agus ilmhódacha a chur san áireamh mar chuid de Mheasúnú Rangbhunaithe 2, toisc gur féidir leis a bheith níos dúshlánaí gnéithe cáilíochta a chur i bhfeidhm orthu, agus cloí le spiorad an Bhailiúcháin de Théacsanna ag an am céanna. Luadh an cheist chéanna maidir leis an sliocht atá san áireamh sa Tasc Measúnaithe freisin.

Mar a tharla le MRB1, cuireadh tuairimí difriúla in iúl maidir le cé chomh hionchuimsitheach is atá MRB2 do scoláirí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu. Labhair roinnt múinteoirí faoi na dúshláin a bhaineann le tacú le scoláirí a gcuid foghlama a chur ar taispeáint, go háirithe sa chás go ndéanfaí cinneadh go mbeadh nó nach mbeadh teicneolaíocht chuiditheach nó tacaíochtaí eile de

dhíth. Tá sé sin ar aon dul leis na hábhair imní maidir leis an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú ionchuimsitheach a tuairiscíodh san athbhreithniú a rinneadh ní ba luaithe ar an mBéarla.

## Cruinnithe athbhreithnithe ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair

Bhí difríochtaí san aiseolas a fuarthas ar an taithí ar chruinnithe AFMÁ. Sa chás gur labhair múinteoirí go dearfach faoi chruinnithe AFMÁ, is minic a luadh roinnt cúinsí tacúla. D'éirigh go maith le cruinnithe AFMÁ sna cásanna seo a leanas: bhí tacaíocht ann do bhaill foirne na cruinnithe a reáchtáil; thuig formhór na mball foirne luach na gcruinnithe; bhí atmaisféar dearfach comhghleacúil ann a thacaigh le comhráite gairmiúla. Sna cásanna sin, tuairiscíodh gur deis iad cruinnithe AFMÁ teagasc agus foghlaim sa seomra ranga a phlé, chomh maith le leithdháileadh na dtuairisceoirí a chinneadh. Tuairiscíodh cuid de na cúinsí tacúla sin ar dtús sa tuarascáil a rinneadh ní ba luaithe ar an mBéarla, amhail tacaíocht an luchta bainistíochta agus atmaisféar comhghleacaíochta gairmiúla. Toisc gur luadh arís an uair seo iad, tugtar le fios go mbíonn ról tábhachtach ag na cúinsí sin fós i dtaithí múinteoirí ar chruinnithe AFMÁ i scoileanna. Rinneadh roinnt tráchtanna go raibh na cruinnithe ina mbonn leis an bpleanáil don bhliain dár gcionn agus gur cuireadh leis an rath a bhí ann agus gur chomhoibrigh comhghleacaithe lena chéile ar ábhair agus ar acmhainní. Bhí roinnt múinteoirí den tuairim gur chuir ról an áisitheora deis ar fáil uas-sciliú a dhéanamh agus gur ghné dhearfach de na AFMÁnna a bhí in uainíocht an róil. Luaigh roinnt múinteoirí gur tugadh cuireadh do mhic léinn a bhí ag tabhairt faoin Máistir Gairmiúil san Oideachas freastal ar an gcruinniú AFMÁ agus cheap siad gur ionduchtú dearfach a bhí ann do ról an mhúinteora Béarla. Rinneadh trácht in aighneacht SSM ar na deiseanna a chuireann na cruinnithe AFMÁ ar fáil obair comhghleacaithe a phlé agus léirthuiscint a bheith acu dó, rud a chuireann leis an bhfás, an chruthaitheacht agus an fhorbairt i ranna Béarla. Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh taithí dhiúltach acu ar chruinnithe AFMÁ agus thug siad le fios gur raibh sé sin amhlaidh toisc, ina dtuairim féin, go raibh easpa spéise sa phróiseas agus easpa comhráite gairmiúla ann agus gur braitheadh, mar sin de, go rabhthas ag tabhairt faoi na cruinnithe le rá go ndearnadh iad seachas aon cheo eile.

## Tasc measúnaithe

Tuairimí diúltacha, go mór fada, a chuir rannpháirtithe na bhfócasghrúpaí in iúl faoin tasc measúnaithe. Ceistíodh cuspóir, feidhm agus luach an taisc agus bhí an-chuid díobh den tuairim nach bhfuil sé oiriúnach don fheidhm. Bhí ábhair thromchúiseacha imní ann faoi nádúr gníomhúil an taisc, agus 'machnamh ar éileamh' ag teastáil, agus braitheadh nach bhfuil sé sin ailínithe le haidhmeanna na sonraíochta. Bhíothas den tuairim go gcuireann an t-ábhar spreagtha mearbhall ar scoláirí toisc gur

braitheadh go mbíonn sé ródheacair do roinnt scoláirí agus thug roinnt múinteoirí le fios gur thuairiscigh scoláirí nár thuig siad cén fáth ar cuireadh san áireamh é mura bhfuil sé riachtanach an píosa spreagthach a thuiscint. Rinne SSM agus Coimisiún na Scrúduithe Stáit trácht freisin ar an neamhréir a bhraitear idir an t-ábhar spreagthach agus an tasc measúnaithe ina dhiaidh sin. Athdhearbhaíonn sé sin tráchtanna a rinneadh sa tuarascáil ní ba luaithe ar an mBéarla. Bhí múinteoirí na fócasghrúpaí den tuairim go bhfuil na leideanna ródheacair, go dteastaíonn leibhéal meiteachognaíochta uathu a d'fhéadfaí a rá go bhfuil sé níos airde ná an leibhéal lena bhféadfaí a bheith ag súil ó scoláirí atá 14 agus 15 bliana d'aois. Bhí imní ann go bhféadfadh sé sin scoláirí a spreagadh le machnaimh chleachta nó bhréagach a chur ar fáil ar mhaithe le rud éigin a scríobh. Thug páirtithe leasmhara agus múinteoirí rabhadh i gcoinne rómheasúnú scoláirí freisin, agus braitheadh go raibh an Tasc Measúnaithe ag cur go díreach leis sin.

## An scrúdú deiridh

Chuir múinteoirí fáilte roimh éagsúlacht na dtascanna ar an scrúdpháipéar. Luaigh roinnt múinteoirí go bhfuil an measúnú ar chumas scoláirí comparáid a dhéanamh idir téacsanna ina ghné de scrúdpháipéir deiridh go dtí seo a chuireann bhunús láidir ar fáil don dul chun cinn go Béarla na sraithe sinsearaí. Bhí sé seo beagán difriúil leis an aiseolas sa tuarascáil ní ba luaithe inar thug go leor múinteoirí le fios nach bhfuil sé soiléir sa tsonraíocht an méid atáthar ag súil le go bhfoghlaimeoidh scoláirí le comparáid a dhéanamh idir téacsanna. Chuir roinnt rannpháirtithe sna fócasghrúpaí fáilte fhorleathan roimh an bpríomhbhéim ar scríbhneoireacht níos faide, ag bogadh ón scrúdú go dtí an bailiúchán de théacsanna, ach dúirt cuid eile acu go bhfuil fadhbanna ag baint leis sin. D'fháiltigh múinteoirí roimh ábharthacht agus éagsúlacht na seánraí atá le feiceáil ar an bpáipéar agus bhí siad den tuairim gur fhorbairt dhearfach a bhí ann. Chuir roinnt múinteoirí díomá in iúl go bhfuil an cur chuige faoinar scríobh scoláirí faoin dráma, filíocht agus ficsean a raibh staidéar déanta acu air sa scrúdú deiridh, a bhíodh ina ghné de mheasúnú deiridh shiollabas 1989 an Teastais Shóisearaigh i bhformáid dhá scrúdpháipéar (murab ionann is dhá MRB agus scrúdú deiridh amháin) athraithe go measúnú deiridh ar chuid de na seánraí agus na téacsanna dualgais a bhfuil staidéar déanta orthu, ach ní orthu go léir. Chuir roinnt múinteoirí an-bhéim ar an bpointe sin maidir le Shakespeare, atá éigeantach do scoláirí a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoin measúnú ag an Ardleibhéal ach nach mbíonn le feiceáil ar an scrúdú gach bliain. Thuairiscigh múinteoirí sna fócasghrúpaí go bhfuil cumas measctha i bhformhór na ranganna, agus go mbíonn tionchar aige sin ar na roghanna is féidir leo a dhéanamh maidir lena dtéacsanna, agus laghdaítear, dá bhrí sin, neamhspleáchas an mhúinteora agus pleananna á ndéanamh acu don ghrúpa scoláirí lena mbíonn siad ag plé. Athdhearbhaíonn sé sin aiseolas comhchosúil ón tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath (CNCM, 2018).

Fuarthas aiseolas measctha ar an measúnú ar thorthaí foghlama sa scrúdú deiridh. Luaigh neart múinteoirí go bhfuil fáilte roimh an easpa intuarthachta sa scrúdú toisc go mbogann sé ar siúl ón spleáchas ar fhreagraí struchtúrtha réamhfhoghlamtha. Tharraing cuid acu aird ar an gcaoi ar minic a dhéantar tástáil ar an eolas ar théarmaí a bhaineann go sonrach le hábhar (amhail téarmaí gramadaí nó téarmaí teicniúla don fhilíocht nó do dhrámaí) sa scrúdú ach nach bhfuil an tsainghné sin i sonraíocht an churaclaim. Thug an-chuid múinteoirí le fios go gcruthaíonn formáid, leagan amach agus struchtúr éagsúil an scrúdaithe deiridh deacrachtaí do scoláirí agus mhol siad go bhféadfadh struchtúr agus scaipeadh rialta marcanna cabhrú le scoláirí a mbealach a dhéanamh tríd an scrúdú deiridh agus gluaiseacht go réidh tríd agus a gcuid foghlama a thaispeáint. Mar a luadh san athbhreithniú a rinneadh roimhe seo ar an mBéarla, rinne roinnt tráchtanna ar úsáid agus struchtúir na leabhrán, agus tugadh roinnt aiseolais nach raibh na boscaí d'obair gharbh cabhrach, agus go bhféadfadh sé nach ligfeadh na codanna línithe do scoláirí an méid atá foghlamtha, amhail úsáid alt agus leagan amach, a thaispeáint a oiread agus is féidir.

Chuir múinteoirí a gcuid imní in iúl maidir le scoláirí nach bhfuil an Béarla mar chéad teanga acu agus a bhí i ndiaidh tosú ag foghlaim an Bhéarla le déanaí. Roimhe seo, bhíodh fáil ag na scoláirí sin ar mheasúnú ag bonnleibhéal lenar aithníodh a gcuid dul chun cinn agus gnóthachtála mar fhoghlaimeoirí teanga, ach thug múinteoirí le fios go raibh na tuairisceoirí 'páirtghnóthaithe' nó 'neamhghrádaithe' á mbronnadh ar na scoláirí sin sa scrúdú gnáthleibhéil anois, agus go bhféadfadh sé sin a spreagadh agus a mbraistint gnóthachtála a laghdú. Chuir roinnt múinteoirí an tuairim in iúl nach bhfuil gá le scrúdú ar bith ag leibhéal na sraithe sóisearaí.

Bhain cuid de na tráchtanna maidir leis an scrúdú deiridh le ceisteanna struchtúir taobh amuigh de shainchúram an athbhreithnithe ar an mBéarla. Cuirtear san áireamh iad siúd ar leathanach 13 faoin teideal 'Téamaí a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015)'.

## Liostaí téacsanna

Chuir múinteoirí fáilte roimh na liostaí téacsanna i gcoitinne. Cuireadh fáilte roimh an liosta dualgais athbhreithnithe do 2018 freisin mar gheall gur chuir sé beocht sna roghanna atá ar fáil. Tugadh le fios, áfach, go raibh gá le hacmhainní breise chun téacsanna a cheannach do rang, go háirithe sa chás go mbaineann scoileanna úsáid as an scéim leabhar ar cíos, mar gheall air sin. Chuir scoileanna fáilte roimh chuid de na húrscéalta agus drámaí a bheith ar an liosta go fóill toisc gur chuir siad roghanna a bhfuil cur amach orthu cheana féin ar fáil, ach luadh gur cruthaíodh roinnt fadhbanna do scoileanna ó thaobh na leabhair a fháil do scoláirí nuair a baineadh den liosta iad.

Fáiltíodh roimh an liosta molta don chéad bhliain i gcoitinne ach bhíothas den tuairim go raibh fadhbanna ag baint leis an liosta a bheith in úsáid ag bunscoileanna chun úrscéalta ranga a roghnú do rang a cúig agus rang a sé, toisc go gcuireann an cleachtas sin moill ar chinneadh a dhéanamh faoi liostaí leabhar go dtí go mbeidh na scoláirí tosaithe ar an gcéad bhliain, nó, má sheoltar na liostaí leabhar amach roimh ré, go bhféadfadh na scoláirí an t-úrscéal céanna ranga a léamh don Bhéarla sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Tuairiscíodh an deacracht sin ar dtús san athbhreithniú a rinneadh ar an mBéarla roimhe seo agus toisc gur luadh arís an uair seo í, tugtar le fios go bhfuil an cleachtas céanna ar bun fós. Cuireadh fáilte roimh an méadú ar rogha na scannán mar fhreagairt ar na fadhbanna a tugadh chun suntais san athbhreithniú a rinneadh ní ba luaithe, ach rinneadh cúpla duine trácht go raibh an liosta scannán leamh go fóill. Rinne neart múinteoirí agus aighneacht SSM trácht ar inrochtaineacht na scannán, go háirithe ós rud é go bhfuil DVDanna ag éirí níos neamhchoitianta, agus gléasanna ar ar féidir DVDanna a sheinm ag éirí gann i scoileanna. Cuireadh tuairimí éagsúla in iúl maidir leis an áit atá ag scannánaíocht agus ábhar ilmheán sa Bhéarla mar fhearann ábhair. Chuir roinnt múinteoirí in iúl nach bhfuil siad muiníneach ag teagasc na réimse seo den tsonraíocht agus go raibh gá le tuilleadh forbairt ghairmiúil agus cur amach níos fearr ar théarmaíocht na scannánaíochta. Tagann sé seo leis na hiarratais a cuireadh in iúl san athbhreithniú a rinneadh ní ba luaithe ar an mBéarla inar iarradh tuilleadh forbairt ghairmiúil leanúnach sa réimse seo. Díríodh air sin san fhorbairt ghairmiúil leanúnach a cuireadh ar fáil (féach aguisín 1) agus tá tuilleadh breithnithe air le fáil i moltaí na tuarascála seo. Cuireadh tuairimí dearfacha in iúl maidir leis an mbéim ar ghearrscannáin san fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus maidir lena n-úsáid sa teagasc sa seomra ranga mar acmhainn mhaith chun cabhrú le scoláirí ceird na scannánaíochta a rochtain agus a thuiscint go tapa.

Rinneadh plé freisin ar na treoirlínte maidir leis an bhfilíocht. Chuir roinnt múinteoirí imní in iúl nach raibh filíocht á fiosrú acu ar bhealach chomh mionsonraithe is a bhíodh roimhe seo agus dúirt siad gur minic a d’úsáid siad filíocht mar bhunús le gníomhaíochtaí eile. Mhol na múinteoirí ag fócasghrúpa amháin go bhféadfaí liosta d’fhilíocht dualgais nó molta a chur san áireamh nó liosta fada filíochta óna bhféadfaí rogha a dhéanamh. Luaigh roinnt múinteoirí ag an bhfócasghrúpa gur minic a bhí an rogha filíochta srianta ag na téacsleabhair a bhí ar fáil agus iad ag iarraidh réimse dánta a roghnú a bhí oiriúnach ó thaobh aoise agus téama de. Moladh ag fócasghrúpa go bhféadfadh comhar le hÉigse Éireann a bheith cabhrach chun tacú le múinteoirí a rogha dánta a éagsúlú agus breathnú taobh amuigh díobh siúd a chuirtear i gcló sna téacsleabhair, ag tógáil ar roinnt de na moltaí agus na hacmhainní a chuireann SSM ar fáil cheana féin.

## Téamaí a bhaineann leis an gCreat don tSraith Shóisearach

Tháinig roinnt téamaí chun cinn sa phlé a rinne trácht ar impleachtaí níos forleithne an Chreata don tSraith Shóisearach nár bhain le Béarla na Sraithe Sóisearaí go sonrach. Cuirfidh an t-aiseolas sin bonn eolais faoin meastóireacht ar thionchar chur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach (2015) atá le tosú in 2020.

**Luach agus sceidealú MRBanna**

Rinne roinnt de na múinteoirí a ghlac páirt trácht ar an luach a chuirtear ar na MRBanna. Dúirt múinteoirí go gcuireann siad luach ar an bhfoghlaim a dhéanann na scoláirí agus thug cuid acu le fios gur cheart go mbeadh níos mó luach seachtrach ag baint leis an MRB ag féachaint don am agus don fhorbairt scileanna a bhíonn i gceist leis. Luadh san athbhreithniú a rinneadh roimhe seo freisin go raibh imní ann nach gcuirfeadh scoláirí agus tuismitheoirí luach ar an bhfoghlaim a léirítear taobh amuigh de na scrúduithe deiridh. Sa dá athbhreithniú ar Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, bhí cúpla ceist ann faoin méid a bhíonn scoláirí ag foghlaim trí bheith ag éisteacht le MRB cumarsáide ó bhéal a gcomhscoláirí agus luaigh roinnt múinteoirí gur féidir leis sin an-chuid ama a thógáil sa rang.
Labhair roinnt múinteoirí faoi dheacrachtaí leanúnacha le neamhláithreachas freisin.

**Gnóthachtáil an scoláire a thuairisciú**

Rinneadh plé freisin ar na tuairisceoirí gráid, agus thug go leor múinteoirí le fios nach mbíonn brí leo i súile na scoláirí. Pléadh na teorainneacha athbhreithnithe grádaithe san athbhreithniú seo agus san athbhreithniú ar ábhair chéim a dó. Léirigh múinteoirí agus páirtithe leasmhara spéis sa bhunús leis na hathruithe ar na teorainneacha grádaithe a bhí i bhfeidhm roimhe seo. Bhí go leor acu den tuairim go gcuireann sé lagmhisneach ar scoláirí ardghnóthachtála nuair nach mbaineann siad an banda le haghaidh pas le gradam amach agus go bhféadfadh sé go gcruthaíonn an banda leathan le haghaidh pas le tuillteanas ionchas míréalaíoch gnóthachtála do scoláirí áirithe.

**Am Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí agus cumarsáid le tuismitheoirí**

Bhí múinteoirí den tuairim go bhfuil tuairisciú na MRBanna i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) ina fhadhb, ó thaobh ama de, agus ó thaobh ciall á baint as ag tuismitheoirí de araon. Cáineadh am eisiúna PGSS agus ba mhaith le daoine go mbeadh PGSS ar fáil ar an dáta céanna a n-eisítear torthaí na scrúduithe deiridh toisc go gcuirfeadh sé íomhá ní ba leithne d'fhoghlaim an scoláire ar fáil do thuismitheoirí. D'aithneodh sé sin gnóthachtáil an scoláire a thugann faoi Chláir Foghlama Leibhéal 2 ag an am céanna a n-aithneofaí gnóthachtáil a chomhscoláirí. San aighneacht a rinne SSM, rinneadh

trácht freisin ar na dúshláin a bhaineann le teanga athraithe agus teanga dhéach an mheasúnaithe a mhíniú do thuismitheoirí agus moladh cumarsáid athnuaite le tuismitheoirí ar an ábhar sin ag an leibhéal áitiúil agus ag an leibhéal náisiúnta.

**Cruinnithe AFMÁ**

Cuireadh imní in iúl maidir leis an éagsúlacht i dtaithí na scoileanna. Mhol roinnt múinteoirí go bhféadfadh an Chigireacht ról a ghlacadh i monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí na gcruinnithe AFMÁ le cinntiú go seasfaí leis an gcaighdeán náisiúnta agus chuir múinteoirí eile in iúl go bhféadfadh sin an bonn a bhaint de mhuinín múinteoirí, muinín atá ag fás, i leith breithiúnais ghairmiúla a dhéanamh ina n-aonar agus lena chéile le linn cruinnithe AFMÁ. Tarraingíodh aird freisin ar na deacrachtaí a bhíonn ag scoileanna beaga agus scoileanna móra, go háirithe maidir leis an am atá ag teastáil le haghaidh an chruinnithe AFMÁ. Labhair cuid mhaith acu ar an tábhacht a bhaineann le tacaíocht na foirne ardbhainistíochta maidir le cruinnithe AFMÁ a sceidealú agus luach a chur orthu. Sa chás gurb amhlaidh a bhí, go háirithe sa chás gur freastalaíodh ar reáchtáil chruinnithe AFMÁ trí am gairmiúil a shocrú ar an amchlár, breathnaíodh ar AFMÁnna mar thaithí níos dearfaí. Ba cheart go bhfaigheadh múinteoirí an soiléiriú atá uathu maidir leis an am ar cheart cruinnithe AFMÁ a reáchtáil sa soiléiriú a eisíodh le déanaí ar an gceist sin.

# Dearcthaí idirnáisiúnta ar Bhéarla na Sraithe Sóisearaí

Mar chuid den athbhreithniú seo, iarradh ar fhoireann taighdeoirí a bhfuil taithí acu ar anailís chomparáideach a dhéanamh ar theagasc an Bhéarla ag an dara leibhéal ar fud dlínsí éagsúla athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar atá ar fáil maidir le Béarla na Sraithe Sóisearaí chun dearcadh seachtrach a thabhairt ar shamhail teagaisc agus foghlama an Bhéarla ar a dtugtar breac-chuntas sa tsonraíocht. Tá na taighdeoirí sin bunaithe in Ollscoil Ghlaschú (Louise Hayward agus Ernest Spenser) agus Kings' College, Londain (Bethan Marshall agus Simon Gibbons) San áireamh leis an ábhar a scrúdaigh siad, bhí sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, na Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe, cuid de na scrúdpháipéir do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal), liostaí na dtéacsanna agus an t-athbhreithniú ar an tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath an Bhéarla. I dteannta an staidéir deisce sin, d'fhreastail beirt den cheathrar taighdeoirí, Bethan Marshall agus Ernest Spenser, ar an imeacht comhairliúcháin i mBaile Átha Cliath freisin agus reáchtáil siad fócasghrúpa le cuid de na múinteoirí Béarla a bhí i láthair.

Dhírigh an staidéar ar an tsonraíocht agus na torthaí foghlama a chur i gcomparáid go hidirnáisiúnta ó thaobh uaillmhéine, ionchais, ailíniú leis an measúnú, neamhspleáchas múinteoirí, comhleanúnachais, réimsí riosca agus samhlacha an athraithe. Tugtar achoimre ghairid ar a gcuid aiseolais thíos.

Baineadh de thátal as an staidéar go bhfuil an t**samhail curaclaim** a léirítear sa tsonraíocht agus sa cháipéisíocht comhsheasmhach, ina dtuairim féin, le treochtaí reatha idirnáisiúnta maidir le teagasc an Bhéarla. Glacann an tsonraíocht le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí le samhail fáis don Bhéarla, agus cuimsítear inti an litearthacht chultúrtha agus chriticiúil agus spreagtar inti an léitheoireacht chriticiúil níos forleithne. Breathnaíodh ar an tús áite a thugtar don litríocht agus don bhéim leanúnach ar chomhtháthú na teanga ó bhéal agus na teanga scríofa mar ghnéithe suntasacha, dearfacha. Bhíothas den tuairim gur thacaigh úsáid na dTorthaí Foghlama, agus an soiléiriú a rinneadh ar roinnt cheisteanna ón gcur i bhfeidhm tosaigh, ag leibhéal beartais le soláthar saibhir oibre as Béarla, ach tugadh faoi deara ag an am céanna gur

> *"mhothaigh roinnt múinteoirí gur gá dóibh anois an iomarca airde a dhíriú ar thorthaí aonair foghlama a théann chun dochair don léirthuiscint níos forleithne don litríocht a bhfuiltear ag déanamh staidéar uirthi."*

Seo a leanas a bhí le rá ag na taighdeoirí i ndiaidh dóibh scrúdú a dhéanamh ar na deacrachtaí a bhraitear a bheith ann maidir le cur in iúl na d**Torthaí Foghlama** i dtéarmaí a oiread agus is féidir leis an scoláire a dhéanamh murab ionann is na rudaí is gá a bheith ar eolas aige:

*"d'fhéadfá a áitiú go bhfuil dlúthcheangal idir an dá rud i ndáil le húsáid teanga chun cuspóirí cumarsáide a bhaint amach. D'fhéadfadh sé go mbeadh buntáiste le baint as an dlúthcheangal sin a dhéanamh níos follasaí san fhoghlaim ghairmiúil"*

Ar ábhar na n-**ionchas** a léirítear sa tsonraíocht, bhí na taighdeoirí den tuairim go bhfuil siad "comhsheasmhach le curaclaim ardchaighdeáin Bhéarla go hidirnáisiúnta" agus go raibh úsáid an Bhailiúcháin de Théacsanna comhsheasmhach leis an gcur chuige lena nglactar i ndlínsí eile. Fáiltíodh roimh shonrú mhéid agus chineálacha na litríochta d'fhonn dúshlán agus clúdach dóthanach a chinntiú, agus moladh go gcuirfí léirmheasanna ar léitheoireacht phearsanta san áireamh mar chuid den tsonraíocht. Mothaíodh freisin gur cheadaigh rogha na dtéacsanna ar liosta na dtéacsanna raon le haghaidh rogha ábhair a bhí inrochtana do chách.

Go teoiriciúil, bhíothas den tuairim go bhfuil prionsabail an churaclaim agus an **measúnú** ailínithe go maith lena chéile, ach aithníodh go mbíonn dúshlán roimh gach dlínse curaclam, oideolaíocht agus measúnú a choinneáil ailínithe go docht lena chéile. Maidir leis na MRBanna, measadh gur ghníomh dearfach a bhí ann gnéithe cáilíochta a fhorbairt chun an measúnú don fhoghlaim a chomhtháthú agus moladh go bhféadfaí tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar na róil bhreise a d'fhéadfadh a bheith ag scoláirí in idirbheartaíocht tascanna agus dul chun cinn san fhoghlaim. Braitheadh gur léirigh na MRBanna agus Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí fealsúnacht na sonraíochta agus ina gcuid comhráite le múinteoirí, cuireadh an-luach ar fhoghlaim scoláirí. Mar sin féin, d'athluaigh na taighdeoirí aiseolas a fuarthas ó mhúinteoirí go mbreithneofaí bealaí chun suntasacht agus stádas na MRBanna a fheabhsú.

Pléadh soláthar **eiseamláirithe** agus aithníodh go bhfuil sé deacair samplaí de scileanna éisteachta a chur ar fáil. Luadh gur ghníomh dearfach a bhí i dtaisce nuashonraithe de samplaí d'obair scoláirí a sheoladh chun tuiscint coitianta ar chaighdeáin a bhunú. Rinneadh roinnt plé san fhócasghrúpa ar an gcaoi le cinntiú go dtabharfaí tábhacht chuí don scríbhneoireacht chriticiúil agus don scríbhneoireacht chruthaitheach agus go ndéanfaí measúnú orthu. Dúirt roinnt múinteoirí gur buntáiste a ghabhann leis an mBailiúchán de Théacsanna é go neadaíonn sé an scríbhneoireacht níos faide sa teagasc, foghlaim agus measúnú leanúnach, agus go gcruthaítear leis spás le haghaidh na cruthaitheachta ar bhealach a bhí siad den tuairim a bhí níos fabhraí don phróiseas cruthaitheach ná an scrúdú deiridh. Cé gur thug siad faoi deara go bhfuil cur chuige na punainne cosúil leis an gcur chuige i ndlínsí eile a bheag nó a mhór, luaigh na taighdeoirí

*"D'fhéadfadh sé, áfach, gurbh fhearr a dtabharfar aghaidh ar raon na gcuspóirí scríbhneoireachta agus an próiseas dréachtaithe/athdhréachtaithe araon mar ábhair oideolaíochta, agus ní trí shonraíocht churaclaim. Is dócha gur údar maith é sin le breithniú domhain ar an bpróiseas scríbhneoireachta, agus an oideolaíocht ábhartha a chuimsiú i bhfoghlaim ghairmiúil leanúnach na múinteoirí sna blianta atá ag teacht."*

Breathnaíodh ar fhorbairt **neamhspleáchas an mhúinteora** mar chuid lárnach den phróiseas forbartha agus cur i bhfeidhm curaclaim. Bhíothas den tuairim gur chuir foghlaim ghairmiúil múinteoirí, in éineacht le taithí dhearfach le cruinnithe AFMÁ agus le heiseamláiriú obair scoláirí, go léir le forbairt neamhspleáchas an mhúinteora. Sa chás gur aithin múinteoirí san fhócasghrúpa riachtanais bhreise, thug na taighdeoirí seo a leanas le fios,

> *"Bhí imní orthu [ar na múinteoirí] nár thug na samplaí dóthain eolais dóibh faoi na rudaí ba cheart a dhéanamh, mar shampla, maidir le straitéisí léitheoireachta, an litearthacht dhigiteach, eiseamláiriú ar obair ó bhéal. Níl sé sin ina chúis le bheith níos saintreoraí. Is cúis é, áfach, le tacaíocht bhreise a chur ar fáil agus freastal ar níos mó deiseanna do mhúinteoirí tacú lena chéile i líonraí gairmiúla."*

Thug na taighdeoirí le fios freisin más rud é gur forbairtí a tharla le gairid i scoileanna na hÉireann iad an phleanáil chomhoibríoch agus AFMÁnna, tá cruthú agus cothú socruithe chun neamhspleáchas an mhúinteora a chur chun cinn agus chun tacú leis tábhachtach. Chuir na taighdeoirí a gcuid iontais in iúl freisin faoi spleáchas ar théacsleabhair mar ghné de phleanáil múinteoirí toisc nach raibh sé sin chomh suntasach sna dlínsí eile a raibh staidéar déanta acu orthu roimhe seo.

Mheas na taighdeoirí go raibh an **measúnú deiridh** ina

> *"mheasúnú maith ar chumas sa Bhéarla, a ceapadh chun atáirgeadh bunúsach den mhéid a foghlaimíodh de ghlanmheabhair a sheachaint. Cuirtear dearcadh níos gníomhaí i leith an Bhéarla in iúl leis, dearcadh go bhfuil níos mó i gceist leis ná tástáil chuimhne, agus déantar an teanga agus an litríocht a chumaisc go maith sa dara cuid den scrúdú."*

Tarraingíodh aird ar dhothuarthacht struchtúr an scrúdaithe, agus úsáid fhorleathan 'bréagscrúduithe' agus réimse ábhair cleachtaidh, mar fhadhb do mhúinteoirí agus do scoláirí araon.

Bhí na taighdeoirí den tuairim go bhfuil an **tasc measúnaithe** dúshlánach agus go bhféadfadh sé deacrachtaí a chruthú toisc

> *"go n-éilítear leis ardleibhéal féinmhachnaimh ag scoláirí ar a gcuid oibre féin, a d'fhéadfadh a bheith ina léiriú ar cháilíocht na scríbhneoireachta atá déanta acu le fírinne, nó nach bhféadfadh."*

Tharraing na taighdeoirí ceist anuas faoi ngaol idir Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal agus cheap siad nach raibh an difear eatarthu soiléir sa cháipéisíocht. Tháinig an cheist chéanna chun cinn agus scrúdú á dhéanamh ar a oireadh agus atá an tsonraíocht oiriúnach do na foghlaimeoirí go léir. Tharraing na taighdeoirí aird ar an bhféidearthacht gur féidir le córas céimnithe scrúduithe drochthionchar a bheith aige ar spreagadh agus féinmheas an scoláire.

Tugadh an staidéar chun críche le roinnt réimsí a bhfuil gá le tuilleadh breithniú agus machnaimh a dhéanamh orthu, de réir thuairim na dtaighdeoirí agus ag teacht chun cinn ón obair chomparáideach atá déanta acu i ndlínsí eile. Liostaítear roinnt de na réimsí thíos:

- Fiosrú ar fhorbairt struchtúir roinne, faoina gcruthaítear scéimeanna oibre go neamhspleách ar théacsleabhair, an cleachtas normatach a chuirtear i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i gCeanada.

- An éisteacht ghníomhach a spreagadh trí ábhar samplach eile a chur ar fáil maidir le tascanna ó bhéal, amhail obair i ngrúpaí.

- A chinntiú go léireodh an fhoghlaim ghairmiúil forleithne an churaclaim nua, na cuir chuige oideolaíochta is fearr a oireann dó agus coincheapadh níos forleithne an mheasúnaithe atá soiléir sa cháipéisíocht.

- Cur le tábhacht agus stádas na Measúnuithe Rangbhunaithe, measúnaithe ó bhéal san áireamh, ós rud é go meastar 'nach mbíonn tionchar acu' toisc nach bhfuil siad mar chuid den scrúdú deiridh.

- Fiosrú ar na céimeanna is féidir a ghlacadh chun go mbeadh stádas cuí ag an gcáilíocht a bhronntar ar scoláirí a thugann faoin scrúdú ag an nGnáthleibhéal agus go spreagfaí iad í a bhaint amach.

# Tátail

Is próiseas a tharlaíonn de réir a chéile é athrú curaclaim a chur i bhfeidhm agus bhí tionchar ag na cúinsí, a bhí ní ba mhífhabhraí ná mar a bheifeá ag iarraidh, a bhain le cur i bhfeidhm shonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí ar an taithí a bhí ag múinteoirí agus scoláirí ar na hathruithe sin. Bíodh sin mar atá, san athbhreithniú seo agus i bhfreagraí leathana múinteoirí san athbhreithniú a rinneadh ní ba luaithe, luaigh múinteoirí neart réimsí ina ndeachaigh an tsonraíocht agus a cur i bhfeidhm chun tairbhe don teagasc agus don fhoghlaim sa seomra ranga.

I gcoitinne, chuir rannpháirtithe san athbhreithniú seo agus san athbhreithniú a cuireadh chun críche in 2017 fáilte roimh shnáithe na teanga ó bhéal sa tsonraíocht agus roimh an taithí ar MRB1. Tagann tuilleadh béime ar an gcumarsáid ó bhéal go mór mór le spiorad na sonraíochta. Tacaíonn an liosta téacsanna, a bhfáiltítear roimhe i gcoitinne agus atá i ndiaidh tacú le múinteoirí téacsanna a roghnú ó raon leathan roghanna, leis an mbéim ar an léitheoireacht níos leithne sa tsonraíocht agus sna treoirlínte le haghaidh téacsanna. D’fhéadfadh forbairt an Bhailiúcháin de Théacsanna tuilleadh feabhais a chur ar scileanna scríbhneoireachta agus dréachtaithe an scoláire agus fianaise a bhailiú ag an am céanna ar dhul chun cinn an scoláire i raon réimsí. Mar sin féin, thug cuid den aiseolas san athbhreithniú seo le fios nach mbaintear leas iomlán as acmhainn an Bhailiúcháin de Théacsanna tacú le forbairt an scoláire mar scríbhneoir i gcásanna áirithe agus go mbíonn sé srianta do bhéim chúng ar an táirge in ionad ar an bpróiseas i.e. an dá phíosa a chuirtear isteach lena measúnú ag deireadh phróiseas MRB2.

Breithnítear cuid de na hábhair imní a chuir múinteoirí agus páirtithe leasmhara in iúl san athbhreithniú seo, agus a athluadh sa taighde idirnáisiúnta, thíos:

- chuir múinteoirí in iúl gur theastaigh tuilleadh tacaíochta uathu chun an litearthacht amhairc agus scannáin, na meáin agus téacsanna ilmhódacha san áireamh, a theagasc. Is féidir leis sin a bheith éagsúil ó scoil go scoil agus ó mhúinteoir go múinteoir. D’fhéadfadh sé a bheith tábhacht do ranna Béarla measúnú a dhéanamh ar a riachtanais féin ina gcomhthéacsanna féin agus an fhoghlaim ghairmiúil a phleanáil dá réir sin. Tá raon deiseanna forbartha ar fáil maidir le réimsí amhail scannáin, staidéar ar na meáin agus an scríbhneoireacht chruthaitheach ar féidir teacht orthu trí sheimineáir ghréasáin, líonraí gairmiúla múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. Is féidir forbairt ghairmiúil leanúnach faoi stiúir múinteoir, lena ligfear do mhúinteoirí saineolas i réimse ar leith a roinnt, a úsáid go héifeachtach freisin, de réir mar is gá.

- D’fhéadfaí dul i ngleic le roinnt ábhair imní faoin scríbhneoireacht níos faide agus faoi fhorbairt na cruthaitheachta trí acmhainn agus tábhacht an Bhailiúcháin de Théacsanna a fhiosrú tuilleadh. Cé gur dhírigh an fhorbairt ghairmiúil leanúnach go nuige seo ar na féidearthachtaí i leith na foghlama nuair a bhítear ag tabhairt faoin mBailiúchán de Théacsanna, tá gá le tuilleadh forbairt gairmiúil leanúnach agus forbairt gairmiúil leanúnach i rith an ama chun acmhainn an Bhailiúcháin de Théacsanna go dtacódh sé le forbairt scoláirí mar scríbhneoirí agus cruthaitheoirí téacsanna a fhorbairt a oiread agus is féidir. D’fhéadfadh luach na scríbhneoireachta criticiúla agus cruthaithí níos faide mar chuid den bhailiúchán de théacsanna a fhiosrú tuilleadh.
- Ba cheart go leanfadh eiseamláiriú a raon ilghnéitheach agus éagsúil obair scoláirí ag tacú le múinteoirí d’fhonn tuiscint chomhroinnte ar an gcaighdeán náisiúnta a bhaint amach. Ba cheart tús áite a thabhairt do shamplaí ilmhódacha agus comhoibríocha d’obair scoláirí a fhoilsiú sna blianta amach romhainn mar chuid de bhailiú agus foilsiú leanúnach na samplaí d’obair scoláirí.

Déantar cúpla trácht san athbhreithniú a bhfuil tionchar acu taobh amuigh de raon an athbhreithnithe seo a bhaineann le hábhar amháin go sonrach, agus is ceisteanna iad a bhaineann leis an gcreat. Tuairiscítear an t-aiseolas a leagtar amach thíos le go mbeidh na páirtithe leasmhara uile atá rannpháirteach i gcur i bhfeidhm an Chreata don tSraith Shóisearach in ann é a bhreithniú agus beidh sé mar bhonn eolais faoin staidéar taighde a dhéanfar ar mheastóireacht ar thionchar a bhí ag an gCreat don tSraith Shóisearach (2015) a thabhairt isteach.

- Is cosúil go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth go fóill i réimse na forbartha gairmiúla ó phróiseas na pleanála roinnbhunaithe i ndáil le torthaí foghlama, go háirithe an phleanáil fhadtéarmach. D’fhéadfaí tairbhe a bhaint as úsáid leanúnach agus fheabhsaithe na samhla braisle den fhorbairt ghairmiúil leanúnach.
- Cuireadh imní ghinearálta in iúl le linn an athbhreithnithe seo maidir leis an am don phleanáil. San athbhreithniú seo, i measc na múinteoirí rannpháirteacha, sa chás go raibh an próiseas pleanála ina phróiseas leanúnach comhoibríoch a bhí ar bun i rith na scoilbhliana, bhí níos lú imní ann, cé nach féidir sin a ghinearálú i measc na múinteoirí go léir. Is réimse ina bhfuil gá le forbairt agus tacaíocht leanúnach é tacú le riachtanais phleanála na múinteoirí, tacaíocht ar an leibhéal áitiúil san áireamh. D’fhéadfadh roinnt eiseamláirithe ar an gcleachtas éifeachtach maidir le húsáid an ama ghairmiúil a bheith úsáideach mar thacaíocht bhreise do scoileanna agus múinteoirí agus iad ag pleanáil a gcuid ama ghairmiúil.
- Mhol roinnt múinteoirí gur cheart gnóthachtáil sna MRBanna a chur leis an marc a fhaightear don scrúdú deiridh chun grád ilchodach amháin a fháil don ábhar. Mar sin féin, tá sé

tábhachtach a thabhairt faoi deara nár aontaigh gach duine leis an tuairim sin agus go mbeadh gá le machnamh cúramach a dhéanamh air i bhfianaise go raibh scaradh bhreithiúnais na múinteoirí agus breithiúnais Choimisiún na Scrúduithe Stáit i gcroílár an chomhréitigh a réitigh an díospóid chaidrimh thionsclaíoch, agus le cinntiú nach méadófar an brú a chuirfear ar an scoláire dá bharr. Tá an seans ann go gcuirfí luach méadaithe ar na MRBanna dá dtabharfaí eisiúint Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí chun tosaigh, gan céatadán den mharc deiridh a bhronnadh as na MRBanna.

- Cuireadh in iúl go bhfuil amhras ar dhaoine faoin gcuspóir agus faoin luach a bhaineann leis an Tasc Measúnaithe. Athdhearbhaíonn sé sin aiseolas a fuarthas mar chuid den tuarascáil maidir leis an athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath Bhéarla na Sraithe Sóisearaí i scoileanna agus aiseolas ar an athbhreithniú ar ábhair chéim a dó, Eolaíocht agus Staidéar Gnó. Is gá an ról a bheidh ag an Tasc Measúnaithe amach anseo a bhreithniú go cúramach.
- Chuirfí fáilte roimh fheachtas faisnéise do thuismitheoirí chun tacú leo tuiscint a fháil ar an gcur chuige déach i leith an mheasúnaithe agus an córas grádaithe do MRBanna agus don scrúdú deiridh araon. D’fhéadfaí an feachtas sin a scaipeadh trí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus trí na scoileanna féin ag ócáidí faisnéise sa tráthnóna do thuismitheoirí, ag cruinnithe tuismitheora-múinteora agus mar fhaisnéis phriontáilte nó dhigiteach a d’fhéadfaí a chur ar fáil le tuairiscí scoile agus le comhfhreagras eile a sheoltar chuig tuismitheoirí.

# Aguisín 1: Moltaí ón tuarascáil ar chur i bhfeidhm luath agus gníomhartha a bhaineann leo.

**An tSonraíocht le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí**

| **Moladh** | **Dul chun cinn** |
|---|---|
| Ba chóir an chuid 'treoirlínte le haghaidh téacsanna' a leasú d'fhonn áit na scannán a shoiléiriú. Ba chóir an tsonraíocht agus imlitir an liosta téacsanna a ailíniú ina dhiaidh sin. | **2018:** Ar leathanach 11, tá na treoirlínte le haghaidh téacsanna leasaithe d'fhonn soiléiriú a thabhairt ar na scannáin agus d'fhonn teacht le himlitir an liosta téacsanna is déanaí le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí. |
| Ní mór an chiall atá le 'téacsanna neamhliteartha' a shoiléiriú. D'fhéadfaí í sin a áireamh mar alt gearr sa tsonraíocht nó mar shainmhíniú i 'ngluais phríomhthéarmaí' in aguisín. | **2018:** Cuireadh sainmhíniú ar 'théacsanna neamhliteartha' i nGluais phríomhthéarmaí in aguisín ar leathanach 21. |
| Ba chóir mionleasuithe a dhéanamh ar an tsonraíocht ionas go mbeadh sí ag teacht le sonraíochtaí níos déanaí le haghaidh na sraithe sóisearaí, mar shampla, fo-cheannteidil a chur isteach le haghaidh 'An tAistriú ón mBunscoil' agus 'An tAistriú go dtí an tSraith Shinsearach'; grafaic 'Príomhscileanna' a chur isteach; gluais phríomhthéarmaí a chur isteach mar aguisín. | **2018:** D'fhonn an tsonraíocht seo a ailíniú le sonraíochtaí eile le haghaidh na sraithe sóisearaí, cuireadh an ghrafaic príomhscileanna ar leathanach 7, rinneadh nuashonrú ar an gcuid 'measúnú agus tuairisciú' (leathanaigh 16–20) agus cuireadh gluais phríomhthéarmaí isteach mar aguisín. |

## Treoirlínte Measúnaithe

| Moladh | Dul chun cinn |
|---|---|
| Ba chóir an dara heagrán de na Treoirlínte Measúnaithe a fhoilsiú. Ba chóir go mbeadh na gnéithe seo a leanas sa dara heagrán sin; cuid faoi thuairisciú; an chuid faoi fhormáidí na cumarsáide ó bhéal a leathnú beagán; teimpléad breactha nótaí na cumarsáide ó bhéal a chur san áireamh mar aguisín; comhairle a chur ar scoileanna i ndáil le hobair scoláirí a thaifeadadh agus a choinneáil i bhfianaise an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí; an chuid a bhaineann le cuimsiú a nuashonrú. Ba chóir codanna eile a nuashonrú ionas go mbeidís ag teacht le treoirlínte measúnaithe níos déanaí le haghaidh na sraithe sóisearaí. | **Eanáir 2019:** Foilsíodh an dara heagrán de na treoirlínte measúnaithe, lena n-áirítear cuid ar thaifeadadh agus tuairisciú, cuid leathnaithe ar fhormáidí na cumarsáide ó bhéal, teimpléad déanta nótaí don chumarsáid ó bhéal mar aguisín, comhairle do scoileanna ar obair scoláirí a thaifeadadh agus a choinneáil i bhfianaise RGCS, cuid nuashonraithe ar an ionchuimsiú ailínithe le treoirlínte measúnaithe níos déanaí le haghaidh na sraithe sóisearaí. |

## Forbairt ghairmiúil leanúnach

Liostaítear thíos na réimsí a luaigh múinteoirí go minic go bhfuil tacaíocht bhreise de dhíth iontu, anuas ar an bhforbairt ghairmiúil leanúnach bhreise a tugadh isteach ó bhí 2018 ann. Is samplaí táscacha iad seo, ní samplaí uileghabhálacha, toisc gur próiseas leanúnach atriallach í an fhorbairt ghairmiúil leanúnach a athraíonn le himeacht aimsire. Tá comhoibriú leanúnach ar bun freisin idir páirtithe leasmhara éagsúla sa réimse seo chun freagairt do riachtanais a bhíonn ag athrú de réir mar a thagann siad chun cinn.

| **Réimse** | **Dul chun cinn** |
|---|---|
| Straitéisí léamhthuisceana (TF L3) agus oideolaíochtaí léitheoireachta (léitheoireacht os ard, léitheoireacht chiúin, léitheoireacht neamhspleách, léitheoireacht le haghaidh taighde) d'fhonn cur chuige cothrom a bhaint amach i bhfianaise riachtanais na scoláirí, na dtorthaí foghlama agus na dtreoirlínte le haghaidh téacsanna | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2018:**<br>Laethanta braisle do mhúinteoirí inar fiosraíodh an chaoi a sainmhínítear téacs i Sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, an liosta nua de Théacsanna Dualgais do 2018–2023, téacsanna nasctha neamhliteartha agus TF3. |
| Litearthacht amhairc agus scannáin (TF L9) | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2018/2019:**<br>Ceardlanna forbartha gairmiúla leanúnaí ar chiall a bhaint as an téacs amhairc agus gearrscannáin a mheas. |
| Oideolaíochtaí teanga ó bhéal a thacaíonn le forbairt bhreise na scileanna cumarsáide ó bhéal seo a leanas atá ceangailte le chéile – éisteacht, táirgeadh labhartha agus idirghníomhú labhartha | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2018:**<br>Reáchtáladh ceardlanna ar an seomra ranga comhráiteach, an próiseas AFMÁ agus acmhainní ar líne i ndáil le Straitéisí Teanga ó Bhéal a chuirtear ar fáil. |
| Scríbhneoireacht mar phróiseas. B'fhéidir go mbeifear in ann nascadh le cláir atá ann cheana, mar shampla, Scríbhneoirí sna Scoileanna, na hEalaíona san Oideachas, Éire Ildánach, SWIFT, Fighting Words, srl. | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2018/19 agus ar bun go fóill:**<br>Forbraíodh acmhainní ar líne. Dhírigh an fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar an bpróiseas scríbhneoireachta, an tsaorscríbhneoireacht, dréachtú agus athdhréachtú, an próiseas comhoibríoch scríbhneoireachta. Oibríodh i gcomhar le hInstitiúid Scannán na hÉireann (Ceardlann *Film in Focus*), an Cumann Náisiúnta um Dhrámaíocht na nÓg (Ceardlann *Young Critics*), Amharclann na Mainistreach (*Speaking* |

| | |
|---|---|
| | *Shakespeare*) agus Éigse Éireann (*Ignite the Spark*) chun forbairt ghairmiúil leanúnach roghnach a chur ar fáil do mhúinteoirí trí ceardlanna de chuid na nEalaíon sa tSraith Shóisearach. |
| Pleanáil (idir phleanáil chéim ar chéim agus phleanáil fhadtéarmach) agus tascanna curaclaim a cheapadh (torthaí foghlama, rúin foghlama, critéir ratha) | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2018/2019:** Díríodh ar aonad foghlama a phleanáil. Anuas air sin, is cur chuige solúbtha agus inoiriúnaithe é an Phleanáil Chomhoibríoch le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí ar leathanach 27 de Leabhrán Forbartha Gairmiúla Leanúnaí Braisle 2019/20 i leith phleanáil an fhoghrúpa Toradh Foghlama agus Mheasúnaithe. |
| Comhtháthú Leibhéal 2 agus Leibhéal 3 sa phleanáil agus i ngníomh | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2019/2020;** Cuireadh an phleanáil chomhtháite san áireamh. I mí Aibreáin 2019, dhírigh Seimineár Gréasán 5 SSM ar an mBéarla, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí faoi **Elective CPD Webinar Series** ar chomhtháthú CFL2 sa seomra ranga Béarla. |
| Oiliúint éascaithe faoi choinne cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. | **Forbairt ghairmiúil leanúnach 2018–2020:** Leathadh amach go náisiúnta oiliúint le haghaidh Éascú AFMÁ do mhúinteoirí uile ábhair uile na Sraithe Sóisearaí trí na hionaid oideachais in 2018/19 agus 2019/20. |
| Moladh freisin go ndéanfadh an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí léirmheasanna ar théacsanna 'nua' atá ar an liosta téacsanna athbhreithnithe<br>do 2018–2023 a chomhthiomsú agus a fhoilsiú ar www.jct.ie. | Tá léirmheas ar gach ceann de na téacsanna ar an liosta athbhreithnithe do 2018–2023 foilsithe ag foireann Béarla na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí. |

**Samplaí d'obair scoláirí**

| Moladh | Dul chun cinn |
|---|---|
| An raon samplaí a leathnú le haghaidh an Bhailiúcháin de Théacsanna an Scoláire (Measúnú Rangbhunaithe 2), agus béim ar leith a chur ar fhoilsiú raon iomlán an bhanda gnóthachtála *Ag teacht leis na hionchais* agus ar théacsanna ilmhódacha/digiteacha. | **2019/2020**<br>Foilsíodh tuilleadh samplaí de théacsanna an scoláire le haghaidh Mheasúnú Rangbhunaithe 2. Tá obair ar bun chun samplaí de théacsanna ilmhódacha/digiteacha a chur ar fáil. |
| An raon samplaí a leathnú le haghaidh na Cumarsáide ó Bhéal d'fhonn féidearthachtaí comhoibríocha agus cineálacha cuimsitheacha cur chuige a léiriú, go hidéalach i bhformáidí seachas cur i láthair. | **2019/2020**<br>Foilsíodh tuilleadh samplaí d'obair scoláirí, lena n-áirítear féidearthachtaí comhoibríocha agus formáidí amach seachas cuir i láthair. Foilsíodh roinnt samplaí den mheasúnú cuimsitheach. |
| Treoir bhreise a sholáthar maidir le cleachtais chuimsitheacha le haghaidh teagasc agus foghlaim leanúnach agus an tacaíocht sin a chur san áireamh i measúnuithe rangbhunaithe. D'fhéadfaí é sin a chur ar fáil ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear i samplaí breise d'obair na scoláirí. | **2020**<br>Tá tuilleadh oibre ar siúl ar chleachtais chuimsitheacha le haghaidh teagasc agus foghlaim leanúnach a eiseamláiriú sna samplaí d'obair scoláirí a chuirtear ar fáil. Féach freisin ar sheimineár gréasáin na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí ar CFL2<br>a chomhtháthú sa seomra ranga Béarla. |
| Físeán tacaíochta a chruthú do thuismitheoirí/scoileanna i dtaca le cuspóir agus feidhm na samplaí d'obair na scoláirí, an | **2019**<br>Chruthaigh agus scaip an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí bileog eolais do thuismitheoirí ina dtugtar breac-chuntas ar na hathruithe ar an tsraith shóisearach |

| | |
|---|---|
| chaoi a dtacaíonn siad le breithiúnais an mhúinteora, agus teanga na dtuairisceoirí. | agus is féidir teacht uirthi ar jct.ie |
| D'fhéadfadh Samplaí d'Obair na Scoláirí sa Bhéarla do rang a trí go dtí rang a sé (Bunscoil) soiléireacht bhreise a thabhairt maidir le foghlaim an scoláire sa Bhéarla sa bhunscoil agus d'fhéadfadh sé cur le haistriú níos fearr ó Bhéarla na bunscoile go dtí Béarla na hiar-bhunscoile. | Tá nasc ar leathanach lamairne an churaclaim ar líne le haghaidh Bhéarla na sraithe sóisearaí le samplaí d’obair scoláirí as Béarla ón mbunscoil. |

# Aguisín 2: Imeachtaí comhairliúcháin agus aighneachtaí a fuarthas

Imeachtaí comhairliúcháin:

| **Imeacht** | **Líon Múinteoirí Béarla** |
|---|---|
| Comhairliúchán i gCorcaigh, 12 Samhain 2019 | 16 |
| Comhairliúchán i mBaile Átha Cliath, 5 Nollaig 2019 | 16 |
| Comhairliúchán i nGaillimh, 18 Samhain 2019 | 7 |

Aighneachtaí a fuarthas:

| | |
|---|---|
| 1. | Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna |
| 2. | Foireann na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí |
| 3. | Coimisiún na Scrúduithe Stáit |
| 4. | Pobalscoil Ghuaire |
| 5. | Aighneacht scríofa ó mhúinteoir ar líne |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment